RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1252 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Iúil 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 chun liosta na substaintí atá inbhreithnithe lena n-ionadú a thabhairt cothrom le dáta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 78(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 ón gCoimisiún ([2]) tá liosta de shubstaintí gníomhacha a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i bpointe 4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 maidir le substaintí atá inbhreithnithe lena n-ionadú.

(2) Roinnt de na substaintí sin, níl siad formheasta a thuilleadh, sin nó rinneadh a bhformheas a athnuachan de bhun Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus mar thoradh air sin, liostaítear iad i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([3]). Níl a liostú san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 ábhartha a thuilleadh ar mhaithe le soiléireacht agus trédhearcacht, ba cheart iad a scriosadh ón Iarscríbhinn seo.

(3) Is substaint ghníomhach fhormheasta í cuisileafop-P (athraitheach cuisileafop-P-teafuiril) a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 mar shubstaint atá inbhreithnithe lena hionadú de bharr a réamhaicmithe chomhchuibhithe mar thocsaineach don atáirgeadh de chuid chatagóir 1B i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Le Rialachán (AE) 2018/1480 ón gCoimisiún ([5]) tugadh an t-aicmiú seo cothrom le dáta go tocsaineach don atáirgeadh de chuid chatagóir 2. Dá bhrí sin, ní chomhlíonann cuisileafop-P-teafuiril na critéir a thuilleadh le bheith ina substaint atá inbhreithnithe lena hionadú agus ba cheart í a scriosadh ón Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 a leasú dá réir.

(5) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 ón gCoimisiún an 11 Márta 2015 maidir le cur chun feidhme Airteagal 80(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena mbunaítear liosta de shubstaintí atá inbhreithnithe lena n-ionadú (IO L 67, 12.3.2015, lch. 18).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

([5]) Rialachán (AE) 2018/1480 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2018 lena leasaítear, chun críocha a oiriúnaithe do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán agus lena gceartaítear Rialachán (AE) 2017/776 ón gCoimisiún (IO L 251, 5.10.2018, lch. 1).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408, scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

aimiotról;

défheintrin;

brómaidé-ólón;

cairbeandaisim;

cairbeataimíd;

comhdhúile copair (athraithigh hiodrocsaíd chopair, ocsaclóiríd chopair, ocsaíd chopair, meascán Bordeaux agus sulfáit chopair thríbhunata);

cioprócónasól;

défheanacúm;

démheatóáit;

déchuat;

eapocsaconasól;

eisfeanvailéaráit;

eataprófos;

eatocsasól;

famocsadón;

feanaimíofos;

ocsaíd feanbútaitine;

fiprinil;

flucuineonasól;

glúfosanáit;

halocsafop-P;

iomasamocs;

iomasasulfúrón;

iseaprótúrón;

isipiorasam;

lambda-ciahalaitrin;

lionúrón;

lúifeanúrón;

meiceapróp;

meitimil;

meatsulfúrón-meitil;

molanáit;

míoclóbútainil;

ocsaidhé-airgíl;

ocsáidé-asón;

peindémheatailin;

próclóras;

prófocsaidim;

própacanasól;

prósulfúrón;

cuineocsaifein;

cuisileafop-P (athraitheach cuisileafop-P-teafuiril);

teiprealocsaidim;

tiaclóiprid;

trí-asulfúrón;

trí-asocsaíd;

varfairin.